# Treo Straitéiseach Fhoras na Gaeilge:

# Anailís ar Aighneachtaí

arna hullmhú ag Dréimire Teoranta d’Fhoras na Gaeilge

Samhain 2024

# Clár na nÁbhar


Clár na nÁbhar ... 2
- Nochtadh Leasa ... 3
- Eolas faoi na hAighneachtaí ... 3
- Aiseolas Ginearálta ... 4
  - Ról na gCeanneagraíochtaí ... 4
  - Cúrsaí Maoinithe ... 4
  - Stádas Teanga ... 4
  - Eile ... 4
- Moltaí faoi Mhórchuspóir 1: Cumas Teanga ... 5
  - 1.1 Oideachas ... 5
  - 1.2 Acmhainní Teanga ... 8
- Moltaí faoi Mhórchuspóir 2: Úsáid Teanga ... 9
  - 2.1 Pleanáil Teanga sa Phobal ... 9
  - 2.2 Comhionannas agus Éagsúlacht ... 9
  - 2.3 Deiseanna Úsáide ... 10
  - 2.4 Leabhair ... 11
- Moltaí faoi Mhórchuspóir 3: Dearcadh Teanga ... 12
  - 3.1 Feasacht ... 12
  - 3.3 Tionchar agus Comhairle ... 12
  - 3.4 Taighde ... 12
- Moltaí faoi Mhórchuspóir 4: Rialachas Eagraíochta ... 12
- Aguisín I: Liosta na nAighneachtaí agus a gCód ... 14
- Aguisín II: Cruinnithe Poiblí ... 15

## Nochtadh Leasa

Is comhlacht príobháideach faoi theorainn scaireanna é Dréimire Teoranta (uimhir chláraithe 685078) a bunaíodh in 2020. De réir bhunreacht an chomhlachta, is gá do Chonradh na Gaeilge comhaltaí boird Dhréimire Teoranta a fhaomhadh. Ní raibh comhalta boird ar bith de chuid Dhréimire ag plé go díreach leis an obair seo. Ní mheastar go gcuireann an leas sin isteach ar chumas Dhréimire Teoranta an tuairisc seo a ullmhú.

## Eolas faoi na hAighneachtaí

Fuarthas 22 aighneacht maidir leis an Treo Straitéiseach (TS) le linn an phróisis comhairliúcháin:




Tugtar sa tábla seo a leanas míniú ar chatagóirí na n-aighneachtaí:

| Catagóir | Cur Síos |
|---|---|
| **Ceanneagraíocht** | Ceann de na sé phríomheagraíocht a bhíonn maoinithe ag, agus ag obair go dlúth le, Foras na Gaeilge. |
| **PPT** | Grúpa, eagraíocht nó coiste atá ag ullmhú nó ag feidhmiú plean teanga faoin bpróiseas pleanála teanga. |
| **3ú Leibhéal** | Institiúid tríú leibhéal, grúpa nó rannóg atá bainteach le hinstitiúid tríú leibhéal, nó cumann/aontas mac léinn. |
| **Eagraíocht Gaeilge Eile** | Eagraíocht nó fo-eagraíocht nach mbaineann le haon cheann de na catagóirí thuasluaite. |

Úsáidfear cód litreach chun tagairt a dhéanamh d'aighneachtaí aonair san anailís seo. Leagtar amach na cóid agus na haighneachtaí a fhreagraíonn dóibh in Aguisín I thíos:[1]

[1] Tabhair faoi deara gur bronnadh na cóid go randamach ar na haighneachtaí.

## Aiseolas Ginearálta

Cuireadh fáilte roimh fhoilsiú an dréacht-TS i bhformhór na n-aighneachtaí agus tugadh moladh ginearálta don ábhar atá ann (A, E, G, M, N, P, S agus T ach go háirithe). Bhain na trí mholadh ghinearálta is mó a bhí sna haighneachtaí le ról na gCeanneagraíochtaí, le cúrsaí maoinithe agus le stádas teanga.

### Ról na gCeanneagraíochtaí

Moladh i ngach aighneacht a tháinig ó na Ceanneagraíochtaí (H, J, P agus U) gur cheart níos mó aitheantais a thabhairt do ról na gCeanneagraíochtaí sa TS. Mar chuid de sin, moladh tagairtí sonracha a dhéanamh do na Ceanneagraíochtaí agus dá gcuid scéimeanna sna réimsí ina bhfeidhmíonn siad agus ról na gCeanneagraíochtaí agus scéimeanna éagsúla de chuid na gCeanneagraíochtaí i bhfeidhmiú an TS a shoiléiriú nó a shainiú.

Moladh leasú a dhéanamh ar fheidhm Ghlór na nGael mar a léirítear é ar lch. 8 den TS mar seo a leanas (U):

> Glór na nGael – Forbairt Pobail, Tógáil Teaghlaigh le Gaeilge & Forbairt na Fiontraíochta

### Cúrsaí Maoinithe

Léiríodh imní sna haighneachtaí faoi mhaoiniú agus infheistíocht d'earnáil na Gaeilge.

### Stádas Teanga

Moladh in dhá aighneacht (H agus J) Stádas Teanga a áireamh sa TS mar mhórchuspóir eile (H, J) nó in áit Mhórchuspóir 3: Dearcadh Teanga (J). I measc na spriocanna a mholtar in aighneacht J le háireamh faoi Stádas Teanga tá:

- Tacú le forbairtí reachtaíochta agus straitéise teanga ó thuaidh,
- Tacú le spriocanna earcaíochta san earnáil phoiblí ó dheas faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú),2021 agus le soláthar seirbhísí Stáit trí Ghaeilge do phobal na Gaeltachta, agus
- Cur le feiceálacht na Gaeilge ar lipéid, ar chomharthaíocht agus sna meáin.

### Eile

Léiríodh na tuairimí seo a leanas faoi ábhar ginearálta an TS chomh maith:

- Is maith ann do na spriocanna maidir le cumas agus le dearcadh teanga, ach ba cheart níos mó béime a leagan ar Mhórchuspóir 2: Úsáid Teanga (G),
- Ba mhaith an rud é samplaí idirnáisiúnta a úsáid chun tacú lena bhfuil sa TS (G),[2]
- Maidir le próiseas comhairliúcháin,
  - Ní leor aighneachtaí scríofa agus ba cheart cruinnithe poiblí a reáchtáil chun moltaí a bhailiú ar an TS (J),[3]
  - Ba cheart móraidhmeanna a leagan amach agus tabhairt faoi phróiseas comhairliúchán faoi na spriocanna a thiocfadh faoi gach ceann (N), agus
  - Ba cheart dréacht eile den TS a chur faoi bhráid na gCeanneagraíochtaí, tar éis an phróisis chomhairliúcháin, sula n-aontófar leagan críochnúil.

[2] Bhí tagairtí idirnáisiúnta sa chéad dréacht den TS, go háirithe don Bhreatain Bheag.
[3] Reáchtáladh sraith cruinnithe poiblí chun deis eile a thabhairt don phobal a gcuid tuairimí ar an TS a léiriú agus tá sonraí na gcruinnithe sin in Aguisín II thíos.

- Ba cheart amscála, táscairí feidhmíochta agus príomhpháirtithe leasmhara a lua le gach beart (H, J),[4]
- Ba cheart tacaíocht a gheallúint dá bhfuil i b*Plean Fáis 2024-2029* Chonradh na Gaeilge (H, J),
- Ba cheart an cháipéis a bheith níos físiúla agus níos giorra (luadh idir sé agus ocht leathanach) (N),
- Le comhthéacs a thabhairt don TS, d'fhéadfaí mórsprioc/fís iomlán an TS a shoiléiriú agus bunanailís a dhéanamh ar na dúshláin is mó atá roimh phobal na Gaeilge (T).

Léiríodh tuairimí in dhá aighneacht nár bhain le hábhar an TS go sonrach, is iad sin:

- Gur údar imní d'údar na haighneachta na focail nua atá á gcumadh agus á dtabhairt isteach sa Ghaeilge (C), agus
- Gur cheart an TS a athdhréachtú le béim ar chaighdeáin teanga a bheith mar an gcéanna don Bhéarla agus don Ghaeilge ó thuaidh (V).[5]

## Moltaí faoi Mhórchuspóir 1: Cumas Teanga

### 1.1 Oideachas

#### *1.1.1 Réamhscolaíocht, naíolanna agus cúram lae*

Tugtar tacaíocht sna haighneachtaí do na spriocanna a luaitear sa réimse seo (go háirithe A, B, G, K, L, N agus R), cé go léirítear imní freisin go gcuirfeadh sé le clár oibre eagraíochtaí níos lú agus gan na hacmhainní acu le tabhairt faoi.[6] Moltar aghaidh a thabhairt ar an deacracht a bhaineann le hoibrithe naíonra a fháil, go mbeadh Oifigeach Teaghlaigh lonnaithe i ngach naíonra (R), agus an tumoideachas luathóige a leathnú amach trí réamhscoileanna agus ionaid chúraim leanaí ina dtugtar tús áite don Ghaeilge (L).

Léirítear míshástacht in aighneacht H faoin líne thíos mar go meastar nach dtugann sé aitheantas cuí do ról Ghaeloideachais mar cheanneagraíocht:

> beidh Foras na Gaeilge ag iarraidh go mbeidh i bhfad níos mó infheistíochta sa réimse seo chun bonn níos láidre a chur faoin tumoideachas, bíodh sin tríd an gCeanneagraíocht Gaeloideachas nó struchtúr cuí eile (TS, lch. 14).

Déantar moltaí cuimsitheacha san aighneacht chéanna maidir le ról Fhoras na Gaeilge sa réimse seo, mar atá:

- Plé leis an Stát maidir le stádas agus struchtúr tacaíochta do naíonraí, lena n-áirítear teanga na múinteoirí a chaighdeánú (luaitear é seo in aighneacht L agus R chomh maith),
- Féidearthachtaí a fhiosrú maidir le reachtaíocht a thabharfadh cosaint do naíonraí mar sheirbhís riachtanach phobail,

---

[4] Míníodh sa gcur síos ar an gcomhairliúchán don TS nach mbeadh spriocanna sonracha, buiséid, srl. mar chuid den cháipéis seo.

[5] Meastar nach mbaineann an moladh seo le hábhar an TS mar gur caighdeáin *seirbhíse* atá i gceist leis an caighdeáin a luaitear sa dréacht-TS agus ní caighdeán/cruinneas na *teanga* féin.

[6] Bhí sé seo le brath go soiléir in aighneachtaí B agus R, a tháinig ó cheanneagraíochtaí BSG. Luadh in aighneacht B, mar shampla, go dtacaíonn an eagraíocht go láidir leis an moladh go mbunófaí naíolann i ngach BSG agus LG, ach nach mbeadh sé d'acmhainn acu féin tabhairt faoi.

- Scéim fóirdheontais do Ghaeloideachas a bheadh dírithe ar naíonraí agus ar thacú leis an luath-thumoideachas ardchaighdeáin,
- Plé le húdaráis áitiúla chun naíolanna lán-Ghaeilge a bhunú ina gceantair,
- Tacú le naíonraí agus le scoileanna Gaeilge agus Gaeltachta seirbhísí cúraim lae, clubanna bricfeasta, clubanna iarscoile agus campaí samhraidh a chur ar fáil,
- Dul i bhfeidhm ar an Roinn Leanaí ó dheas chun stádas aitheantais oifigiúil a fhorbairt do naíonraí, chomh maith le rangú mar chineál ar leith seirbhíse ag forais Stáit, agus
- Taighde a choimisiúnú ar bhunús agus bainistiú naíonraí, agus féidearthachtaí scátheagraíocht a bhunú do naíonraí lasmuigh den Ghaeltacht.

#### *1.1.2 Scoileanna Béarla*

Aithnítear sa TS go bhfuil feabhas le cur ar chaighdeán Gaeilge roinnt múinteoirí agus aontaítear go láidir leis seo sna haighneachtaí (A, F, N, O). Déantar moladh faoi leith ar an sprioc seo in aighneacht F, is é sin go dteastaíonn polasaí macasamhail *Languages Connect* don Ghaeilge, "polasaí a chuimsíonn múineadh agus foghlaim na teanga ag gach [céim], agus a thugann treoir maidir leis na caighdeáin atá le baint amach ag gach céim den chóras oideachais, leibhéal i gcomhthéacsanna T1 agus T2, íoschaighdeáin teanga na múinteoirí san áireamh", agus gur cheart tacú le feachtas Chonradh na Gaeilge le polasaí cuimsitheach mar sin a éileamh ón Roinn Oideachais.

Maidir le himpleachtaí chóras na ndíolúine ó dheas a íoslaghdú, moltar polasaí oideachais ionchuimsithigh a chur in áit a d'fhreastalódh ar riachtanais daltaí gan eisiamh a éascú ná a spreagadh (H, J, K, P).

Maidir le scoileanna ó thuaidh, moltar in aighneacht J tagairt don titim ar líon na ndaltaí a dhéanann staidéar ar an nGaeilge ag leibhéal GCSE. Deirtear chomh maith go dteastaíonn polasaí faoi leith do mhúineadh na Gaeilge sna scoileanna seo (P). Dírítear in aighneacht Q ar scoileanna Béarla ó thuaidh ina mbaineann tromlach na ndaltaí leis an bpobal Protastúnach/Aontachtach/Dílseach (PAD). Cé nach múintear an Ghaeilge sna scoileanna sin, moltar tacú le scéim nó le heagraíocht chun ranganna/ceardlanna a dhéanamh a thabharfadh blaiseadh den Ghaeilge do dhaltaí na scoileanna sin.

Moltar in aighneacht P tuilleadh eolais a chur san áireamh maidir le géarchéim theagasc na Gaeilge in earnáil an Bhéarla, agus idirdhealú a dhéanamh idir cúrsaí bunscoile agus iar-bhunscoile.

#### *1.1.3 Gaelscolaíocht*

Tacaíonn na haighneachtaí leis an sprioc sa TS earnáil na Gaelscolaíochta a fhorbairt agus a fhás (go háirithe G, H, K agus N) le go mbeidh "soláthar leordhóthanach agus rochtain do gach páiste ar oideachas lán-Ghaeilge ag na trí leibhéal" (H). Moltar chomh maith sprioc chinnte (figiúr) a chur sa TS maidir le fás na Gaelscolaíochta, agus tagairt a dhéanamh d'fhorbairt na hearnála sin ó thuaidh (J). Aithnítear go dteastóidh bonneagar chun fás san earnáil ó thuaidh agus ó dheas a bhaint amach, go háirithe ionaid agus soláthar múinteoirí (J).

Ó thaobh na Gaelscolaíochta go ginearálta, táthar den tuairim go dteastaíonn anailís agus sainiú ar an bhfís atá ag an Stát agus ag an Roinn Oideachais don oideachas Lán-Ghaeilge, ar an sainmhíniú atá acu ar thumoideachas agus ar chur chuige an tumoideachais ag na leibhéil éagsúla scolaíochta (H).

Maidir le ról Fhoras na Gaeilge, moltar in aighneacht H na gnéithe seo a leanas a áireamh sa TS:

- Soiléiriú ar an nasc idir riachtanas speisialta oideachais agus an *Plean Digiteach don Ghaeilge*,
- Go n-oibreofaí ar laigí a aithint sa reachtaíocht mar a bhaineann le stádas, soláthar agus cosaint scoileanna lán-Ghaeilge, agus go molfaí reachtaíocht nua chun na réimsí sin a láidriú, chomh maith le bunú scoileanna Gaeilge nua le freastal ar éileamh ón bpobal,[7]
- Seasamh láidir a ghlacadh maidir le bunú scoileanna, go háirithe ag an leibhéal iar-bhunscoile, agus
- Go rachfaí i bhfeidhm ar an státchóras chun tacaíocht don Ghaelscolaíocht a chinntiú (lena n-áirítear fís, polasaithe agus infheistíocht/maoiniú).

Chomh maith leis na tagairtí do bhunú scoileanna nua lán-Ghaeilge, treisítear gur scoileanna neamhspleácha lán-Ghaeilge a theastaíonn agus nár cheart aonaid Ghaeilge a lonnú i scoileanna Béarla mar fhreagairt ar an éileamh ar Ghaelscolaíocht (H, J, K).

Is léir ó na haighneachtaí freisin go bhfuiltear den tuairim gur cheart tagairt shonrach a dhéanamh sa TS don tábhacht a bhaineann le heagraíochtaí agus le scéimeanna atá ag feidhmiú sa réimse seo, go háirithe:

- Gaeloideachas (ina ról abhcóideachta agus ionadaíochta) (H),
- Gael Linn (go háirithe An Gréasán (do mhúinteoirí Gaeilge), an Ghaelbhratach, Scoil Spreagtha[8] agus na foilseacháin *Dréimire* agus *Staighre*[9]) (L, P, R, S), agus
- Comhaltas Uladh (L).

### *1.1.4 Ollscolaíocht*

Maidir leis an ollscolaíocht, leagtar béim ar an oideachas tríú leibhéal mar thús áite le dul i bhfeidhm ar chaighdeán Gaeilge múinteoirí sa réamhscolaíocht, sa mbunscolaíocht agus san iar-bhunscolaíocht (R).

Aithnítear chomh maith gur cheart go mbeadh níos mó ábhar agus modúl ar fáil trí Ghaeilge, chomh maith le modúil agus micrichreidmheasanna Gaeilge a bheith mar chuid de chúrsaí a mhúintear trí Bhéarla (K, O, R). Moltar gur cheart go mbeadh an phleanáil teanga agus/nó an tsochtheangeolaíocht san áireamh mar chuid den siollabas i ngach bunchéim Ghaeilge, chomh maith le sainchúrsaí ar na hábhair sin a chur ar fáil (L, O). Déantar an moladh in aighneacht J go gcuirfí cúrsaí atá ag teacht leis an gComhchreat Tagartha Eorpach ar fáil saor in aisce do mhic léinn agus do bhaill foirne, agus gur cheart sprioc faoi leith (i. céatadán) a lua maidir le soláthar cúrsaí ETIM trí Ghaeilge faoi 2030.

Déantar moltaí in aighneacht O go bhféadfaí modúil trí Ghaeilge atá forbartha in institiúid amháin a leathnú amach chuig ollscoileanna eile, agus go bhféadfaí daoine a spreagadh le tabhairt faoi na modúil/micrichreidmheasanna trí mharcanna breise a chur ar fáil, mar a dhéantar don Ardteistiméireacht. Maítear san aighneacht seo freisin go dteastaíonn tuilleadh maoinithe ó na hoifigí Gaeilge sna hollscoileanna lena láidriú agus lena mbuanú.

[7] Tacaíonn aighneacht K leis seo, agus luaitear in aighneacht J go dteastaíonn cosaint reachtúil don Ghaelscolaíocht ó thuaidh chomh maith.
[8] Moltar (aighneacht P) go dtagrófaí do Scoil Spreagtha i Mórchuspóir 1 agus 3 i gcomhthéacs thionchar na scéime ar scoileanna Béarla agus ar scoileanna ó thuaidh.
[9] Is fiú a lua gur moladh an tagairt don scéim Gaelbhratach san aighneacht a tháinig ó Ghael Linn.

### *1.1.5 Foghlaimeoirí Fásta*

Moltar an ionchuimsitheacht a bhaineann leis an TS i roinnt aighneachtaí, go háirithe mar a bhaineann le soláthar agus acmhainní d'fhoghlaimeoirí Gaeilge (E, N, Q, S). Aithnítear chomh maith gur cheart go mbeadh soláthar maith, éagsúil agus inrochtana deiseanna foghlama Gaeilge ar fáil do dhaoine fásta agus maoiniú ann dó (G, L, R).

Mar a bhaineann sé le córas náisiúnta creidiúnaithe caighdeánach foghlama do dhaoine fásta, maítear go láidir go bhfreastalaíonn TEG ar an riachtanas sin agus gur cheart é sin a aithint sa TS (F, P).

Ar na moltaí eile a dhéantar sa réimse seo, tá:

- Páirtíochtaí a fhorbairt le hinstitiúidí tríú leibhéal in Éirinn agus thar lear (mar a bheadh Coláistí Satailíte Gaeilge) le tacú le soláthar deiseanna foghlama do dhaoine fásta (E, L, P),
- Oibriú le hinstitiúidí oiliúna na nGardaí, múinteoirí, oibrithe an Phoist, srl. chun cumas Gaeilge i measc na ngrúpaí sin a ardú (K),
- Clár meantóireachta (macasamhail Ghaelchara) a chur ar bun, agus gréasáin ar líne agus cruinnithe áitiúla mar thaca dó (L),
- Níos mó deiseanna foghlama Gaeilge a chur ar fáil do Chléir Eaglais na hÉireann (E), agus
- Cur go mór leis an scéim scoláireachtaí Gaeltachta do dhaoine fásta (P).

Tacaítear leis an moladh go ndéanfaí taighde ar an soláthar reatha deiseanna foghlama d'fhoghlaimeoirí Gaeilge agus go ndéanfaí comhordú níos fearr ar an soláthar eolais agus acmhainní atá ann, mar shampla trí shuíomh gréasáin a bheadh mar lárphointe eolais (F). Luaitear chomh maith go mbíonn an Teastas i Múineadh na Gaeilge d'Fhoghlaimeoirí Fásta á reáchtáil ag Lárionad na Gaeilge, Má Nuad, agus tacaíonn sé sin leis an réimse seo.

### *Moltaí Ginearálta*

Déantar tagairt ghinearálta do dheacrachtaí a bhaineann leis an gcóras oideachais i roinnt aighneachtaí, agus maítear go bhfuil gá leis na córais a bhaineann le múineadh na Gaeilge agus múineadh trí Ghaeilge a athrú ó bhun (K, J), agus gur cheart tús áite a thabhairt do chumarsáid i múineadh na Gaeilge (R).

## 1.2 Acmhainní Teanga

Is lú tagairtí a dhéantar sna haighneachtaí don mhír seo le hais mhír 1.1. Moltar na spriocanna a bhaineann le forbairt cúrsaí foclóireachta agus téarmaíochta (E, M, N, P, S), agus luaitear go bhfuil gá le hacmhainní ilteangacha chomh maith, ina n-áireofaí an Ghaeilge agus teangacha eile a labhraítear go coitianta in Éirinn (L). Moltar chomh maith comhoibriú le hOifig an Choimisinéara Teanga i dtaca le forbairt na hearnála fógraíochta Gaeilge (J), agus acmhainní a chur ar fáil chun tacú le cóipeagarthóireacht agus eagarthóireacht liteartha.

# Moltaí faoi Mhórchuspóir 2: Úsáid Teanga

## 2.1 Pleanáil Teanga sa Phobal

### *2.1.1 An Próiseas Pleanála Teanga*

Fáiltítear sna haighneachtaí roimh an aitheantas a thugtar don phróiseas pleanála teanga ó thuaidh agus ó dheas agus aontaítear go bhfuil géarghá le tuilleadh acmhainní, idir acmhainní airgeadais agus acmhainní daonna, don phróiseas (B, G, K, N, P, R, T). Aithnítear sna haighneachtaí go dteastaíonn cinnteacht agus leanúnachas ó thaobh acmhainní de chun an próiseas a bhuanú agus an struchtúr feidhmithe a fhorbairt (B, G, J, K, N, P, R), agus go deimhin maítear i dtrí aighneacht (a dtagann péire acu ó cheanneagraíochtaí BSG) go gcaithfear coinníollacha poist an Oifigigh Pleanála Teanga a fheabhsú, go háirithe trí chonarthaí buana a chur ar fáil don phost (B, J, R). Luaitear chomh maith an tábhacht a bhaineann le poiblíocht a dhéanamh ar an bpróiseas (K).

Moltar in aighneacht G é a bheith mar phríomhthosaíocht d'Fhoras na Gaeilge cur leis an líon LG a aithneofar amach anseo trí SFLG, agus go gcaithfear cosán soiléir a leagan amach do phobail bogadh ó SFLG agus aitheantas mar LG a bhaint amach. Moltar in aighneacht N LG a fhorbairt timpeall ar gach gaelscoil, rud a thagann le moladh in aighneacht H go bhforbrófaí infreastruchtúr tacaíochta timpeall ar na naíonraí agus na scoileanna. Éilítear in aighneacht R go ndéanfaí tagairt do BSG as féin sa TS, mar a dhéantar do SFLG.

Fáiltítear roimh an sprioc maidir le Comhchoiste Náisiúnta Pleanála Teanga (B, J, R), agus moltar go luaitear an Mheitheal Náisiúnta Pleanála Teanga ar cheann de na príomhpháirtithe leasmhara (J, R).

Moltar in aighneacht T go leagfaí amach plean náisiúnta teanga a bheadh mar chomhthéacs do na pleananna áitiúla ar fad.

### *2.1.2 Lárionaid Ghaeilge*

Tugtar tacaíocht láidir don sprioc maidir le Lárionaid Ghaeilge sna haighneachtaí (A, G, J, K, P, Q, R), ach aithnítear chomh maith go dteastaíonn tacaíocht agus acmhainní cuí ó chuid de na hionaid atá ar an bhfód cheana féin lena láidriú agus lena mbuanú (J, P). Moltar tagairt a dhéanamh do na hacmhainní daonna atá agus a bheadh ag teastáil sna lárionaid Ghaeilge, mar shampla bainisteoir ionaid (R) agus oifigeach Gaeilge (Q).

## 2.2 Comhionannas agus Éagsúlacht

Go ginearálta, léirítear tacaíocht sna haighneachtaí maidir leis an mír seo. Tacaítear ach go háirithe le deiseanna foghlama Gaeilge a chur ar fáil d'inimircigh (K, J, S) agus don phobal PAD (J, N, T). I dtaca leis an bpobal inimirceach, moltar ról na scéime Céad Míle Fáilte a aithint agus soláthar a dhéanamh le leanúnachas na scéime a chinntiú (J). Léirítear imní in aighneacht amháin go mbíonn sé sách deacair ar phobail nua in Éirinn teacht ar acmhainní Béarla agus gurb é sin an tosaíocht a bhíonn acu (S).

Moltar in dhá aighneacht go ndéanfadh Foras na Gaeilge an inbhuanaitheacht a chomhtháthú mar bhealach chun úsáid agus teacht aniar teanga a bhaint amach (D, T).

## 2.3 Deiseanna Úsáide

### *2.3.1 Nuachainteoirí*

Déantar tagairt i gcuid mhaith de na haighneachtaí do dheiseanna úsáide Gaeilge do nuachainteoirí, agus áirítear go leor de na tagairtí i míreanna eile thuas (go háirithe 1.1 agus 2.2). Chomh maith lena leagtar amach thuas, moltar go sonrach Conradh na Gaeilge a lua mar a bhaineann le feachtais feasachta mar shampla Creidim Ionat (J), agus díriú ar fhorbairt uirlisí digiteacha tarraingteacha (L).

### *2.3.2 Teaghlaigh*

Mar a bhaineann le *Teanga Tí*, moltar an scéim ach táthar den tuairim go dteastaíonn cur chuige níos straitéisí don scéim (R) agus nach leor oifigeach amháin do gach cúige/réigiún (B).

### *2.3.3 Cultúr agus Ealaíona*

Moltar an mhír faoi chultúr agus na healaíona sa TS (M ach go háirithe) agus déantar trí mholadh faoi leith faoin téama sin:

- Moltar an comórtas *Film G* in Albain mar mhúnla do thionscnamh ealaíon teangabhunaithe (N),
- Moltar tacú leis na struchtúr reatha sna BSG agus LG chun na healaíona teangabhunaithe a spreagadh, seachas scéim nua a bhunú (R), agus
- Moltar go mbeadh tuilleadh comhoibrithe idir Foras na Gaeilge agus an Chomhairle Ealaíon ó thuaidh (S).

### *2.3.4 Geilleagar*

Aontaítear gur cheart féidearthachtaí a fhiosrú maidir le ceangal níos láidre a bheith ar údaráis áitiúla an Ghaeilge a chur san áireamh i gcúrsaí pleanála (B, K). Ó thaobh moltaí sa réimse seo de, meastar gur fiú tagairt a dhéanamh d'eolaire PEIG.ie (J) agus gur cheart tabhairt faoi thionscnaimh ardaithe feasachta a chur ar bun ar bhuntáistí eacnamaíocha an dátheangachais i dtionscail na turasóireachta, na teicneolaíochta agus na cruthaitheachta (L).

Maidir le ról Ghlór na nGael i réimse an ghnó, moltar na tagairtí seo a leanas a áireamh i dtéacs an TS (U):

> Aithníonn Foras na Gaeilge an tábhacht a bhaineann le húsáid na Gaeilge mar ghnáth-theanga chumarsáide i gcomhthéacsanna gnó agus eacnamaíocha. Tá sé d'aidhm ag ár Scéim Tacaíochta Gnó tacú leis an mbrandáil dhátheangach, cuirimid réimse leathan áiseanna tacaíochta ar fáil agus aithníonn an Q-Mharc Gnó le Gaeilge agus GRADAIM Gnó na hÉireann sárchaighdeán seirbhíse trí mheán na Gaeilge. Tríd an gCeanneagaíocht Glór na nGael, tacaímid le GRADAIM Gnó a hÉireann go bliantúil, scéim a bhronnann aitheantas ar ghnólachtaí a dhéanann iarracht ar leith ar son na Gaeilge. (TS, lch. 24).
>
> Chun tacú leis seo, cothóimid teagmháil níos dlúithe le heagraíochtaí cuí ar nós Údarás na Gaeltachta, Glór na nGael, Fiontraíocht Éireann [...] (TS, lch. 25).

### *2.3.5 Na Meáin Chumarsáide agus an Teicneolaíocht*

I dtaca le cúrsaí meán cumarsáide, luaitear i dtrí aighneacht gur cheart tacú le nuachtán seachtainiúil Gaeilge a bheadh ar fáil i bhfoirm chlóite agus i bhfoirm dhigiteach (G, K, U), agus moltar chomh maith go bhforbrófaí scéim le nuachtáin áitiúla seachtainiúla leis an léitheoireacht Ghaeilge a spreagadh (U). Aithnítear freisin an tábhacht atá le láithreacht d'ábhar tarraingteach Gaeilge trasna na meán ar fad a mhéadú (J, L) agus gur cheart tacú le hardáin ar nós raidió FM chomh maith leis na meáin dhigiteacha (J).

Luaitear fógraíocht Ghaeilge sna haighneachtaí chomh maith agus an tábhacht a bhaineann le caighdeán na fógraíochta Gaeilge (G, K).

#### *2.3.6 Seirbhísí Poiblí*

Cuirtear béim sna haighneachtaí ar an tábhacht a bhaineann le seirbhísí poiblí a bheith ar fáil trí Ghaeilge don phobal, agus go gcaithfear oibriú le ranna Stáit agus le comhlachtaí poiblí leis an soláthar sin a chinntiú (go háirithe G, H, J, K agus L). Luaitear an tábhacht a bhaineann le soláthar seirbhísí Gaeilge do lucht na Gaelscolaíochta (m.sh. seirbhísí creidimh, comhairleoireachta, teiripe, srl.) (H) agus gur cheart gealltanas a dhéanamh sa TS go ndéanfar stocaireacht ar son reachtaíochta a chinnteodh seirbhísí sláinte trí Ghaeilge in aon cheantar, thuaidh agus theas, ina bhfuil cumas Gaeilge ag 10% den daonra (J). Moltar chomh maith an sprioc a bhaineann le pleanáil agus forbairt fhisiciúil a láidriú (J).

Maidir le seirbhísí poiblí ó thuaidh, moltar

- Oibriú le hoifigí poiblí, le hairí agus le hoifigigh tofa go háirithe na hOllchomhairlí, le seirbhísí Gaeilge a chur ar fáil (L, S), agus
- An feachtas chun Coimisinéir Gaeilge a cheapadh ó thuaidh a lua sa TS (S).

Leagtar béim in aighneacht G ar an tábhacht a bhaineann le freastal ar riachtanas phobal T1 na Gaeilge mar thosaíocht, seachas díriú ar fhoghlaimeoirí nó ar chainteoirí neamhrialta a spreagadh.

## 2.4 Leabhair

Tacaítear go láidir lena leagtar amach sa mír seo, go háirithe in aighneachtaí I agus M. Chomh maith lena bhfuil sa TS, moltar:

- Riachtanais an phobail ardoideachais a chur san áireamh agus tacú le forbairt ábhar atá feiliúnach don leibhéal sin (I),
- Tacú le cur chun cinn na léitheoireachta Gaeilge (I),
- Cur chuige cumaisc i leith na foilsitheoireachta a chlúdódh ábhar i bhfoirm chlóite agus dhigiteach (lena n-áirítear closleabhair, srl) (I, P),
- Leabhair Ghaeilge a phoiblí sna meáin Bhéarla chomh maith chun cur lena bpróifíl (I), agus
- Oibriú le leabharlanna chun cur leis an soláthar ábhar Gaeilge a chuirtear ar fáil iontu (I).

Tarraingítear aird in aighneacht G ar mholtaí a d'fhoilsigh Sinn Féin in 2023 maidir le hearnáil na foilsitheoireachta.

Moltar in aighneacht U tagairt d'áiseanna spraíúla nua-aimseartha eile chomh maith le 'scoth na leabhar Gaeilge'.

#### *2.4.1 Clár na Leabhar Gaeilge*

Moltar a bhfuil sa mír seo ach meastar nach bhfuil dóthain béime curtha ar thacaíocht d'fhorbairt scríbhneoirí Gaeilge, idir dheiseanna meantóireachta agus cónaitheachta, deiseanna foilsithe trí irisí liteartha agus eile (M, P).

#### *2.4.2 Áis*

Cuirtear fáilte faoi leith roimh an sprioc tógáil ar acmhainní *Áis* le linn shaolré an TS (A, I, M).

#### *2.4.3 An Gúm*

Moltar an tsraith *Séideán Sí* agus maítear gur cheart dhá leagan de a fhorbairt: ceann amháin do scoileanna T1 agus ceann eile do scoileanna T2 (J), agus moltar COGG a lua leis sprioc a bhaineann le soláthar téacsleabhar iar-bhunscoile.

## Moltaí faoi Mhórchuspóir 3: Dearcadh Teanga

### 3.1 Feasacht

Moltar feachtais feasachta ar bhuntáistí an dátheangachais agus an tumoideachais agus luaitear i roinnt aighneachtaí an ról tábhachtach atá ag an gcóras oideachais i gcothú dearcthaí dearfacha i leith na Gaeilge agus i míthuiscintí a mhaolú (H, K, L, M, O, P).

Bheadh sé tábhachtach chomh maith oibriú le grúpaí áitiúla (go háirithe LPT, BSG, LG agus SFLG) ar na feachtais feasachta (J, L).

Moltar feasacht a ardú ar thábhacht na Gaeltachta (K), agus tá tacaíocht láidir sna haighneachtaí don fhoghlaim ó chomhthéacsanna idirnáisiúnta – luaitear an Nua-Shéalainn, Ceanada, an Bhreatain Bheag, an Chatalóin, Albain agus grúpaí náisiúnta amhail ELEN ach go háirithe (J, K, O, P, Q).

Maidir le spriocghrúpaí, déantar tagairt don tábhacht a bhaineann le díriú ar na grúpaí seo a leanas: inimircigh agus mionlaigh eile (J, Q), an lucht siúil (J), an óige (L), ceannairí rialtais (O), lánúnacha óga (U), daoine atá diúltach faoin nGaeilge (R).

I dtaca le stádas oifigiúil na Gaeilge san AE, moltar in aighneacht J tagairt a dhéanamh don tionscadal Gluaiseacht, agus don dea-chleachtas san Eoraip a úsáid in Éirinn chun seirbhísí áitiúla a chinntiú.

Meastar chomh maith go gcothófaí dearcthaí níos dearfaí i leith na teanga dá mbeadh tuarastail níos airde in earnáil na Gaeilge (P).

### 3.3 Tionchar agus Comhairle

Luaitear i mbeagnach gach aighneacht na dúshláin mhaoinithe atá roimh eagraíochtaí agus roimh ghrúpaí Gaeilge faoi láthair agus an tábhacht a bhaineann le tuilleadh acmhainní a chinntiú ón dá rialtas. Meastar chomh maith gurbh fhiú stocaireacht a dhéanamh go gceapfar Aire Sinsearach Gaeltachta/Gaeilge (K).

Moltar GRADAIM Gnó na hÉireann agus QMharc a lua mar phríomhbhealaí chun tionchar a imirt ar an lucht gnó.

### 3.4 Taighde

Ó thaobh cúrsaí taighde de, moltar an foilseachán ‘Céard é an Scéal?’ a lua (J), agus tuilleadh sonraí a thabhairt faoin gcaoi a dtabharfaí faoi thaighde ar dhearcthaí i leith na Gaeilge.

## Moltaí faoi Mhórchuspóir 4: Rialachas Eagraíochta

Cuirtear an-bhéim ar ghanntanas acmhainní sna haighneachtaí go ginearálta, agus déantar na moltaí sonracha seo a leanas chomh maith:

- Foireann na gCeanneagraíochtaí a chur ar na scálaí pá cuí a fhreagraíonn dá leibhéil freagrachta (H, J),
- Imfhálú acmhainní agus maoiniú suntasach chun an struchtúr tacaíochta don Ghaeilge a neartú trí ghealltanais mhaoinithe rialtais a dhaingniú (H, L), agus
- Athbhreithniú ar an struchtúr maoinithe a lua, agus ag teacht leis an bPlean Fáis, maoiniú breise a lorg ón dá rialtas (J, N, P, U).

Moltar an leasú seo a leanas in aighneacht U:

> Is é an soláthar cuí acmhainní, idir bhuiséad agus fhoireann, chun riar ar phleananna straitéiseacha na heagraíochta an tosaíocht is mó atá ag Foras na Gaeilge sa tréimhse amach romhainn. I bhfianaise na guagachta polaitiúla i ndlínse an Fheidhmeannais, bhain éiginnteacht leanúnach le croímhaoiniú na heagraíochta le blianta, rud a chuir srian suntasach ar ár gcumas ní hamháin obair na heagraíochta seo, ach obair na gceanneagraíochtaí agus na ngrúpaí eile a fhaigheann croímhaoiniú ón Fhoras a chur i gcrích go héifeachtach mar aon le bac ar phleanáil mheántéarmach nó fhadtéarmach a dhéanamh. (TS, lch. 32)

Taobh amuigh de chúrsaí acmhainní, moltar an comhoibriú trasteorann a neartú (L), torthaí luachála a dhéanfaí ar fheidhmiú scéimeanna a chur in iúl don phobal (J), agus cúrsaí riaracháin agus maorlathais a laghdú an oiread agus is féidir do na Ceanneagraíochtaí (U).

## Aguisín I: Liosta na nAighneachtaí agus a gCód

| Cód | Catagóir | Aighneacht |
|---|---|---|
| A | Duine Aonair | A. Ní Ghlinn |
| B | PPT | Dún Garbhán le Gaeilge |
| C | Duine Aonair | B. Mac Lochlainn |
| D | 3ú Leibhéal | Mic Léinn Chúrsa Inbhuanaitheachta UCD |
| E | Eagraíocht Gaeilge Eile | Cumann Gaelach na hEaglaise |
| F | 3ú Leibhéal | Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad |
| G | Páirtí Polaitiúil | Sinn Féin |
| H | Ceanneagraíocht | Gaeloideachas |
| I | Eagraíocht Gaeilge Eile | Comhar |
| J | Ceanneagraíocht | Conradh na Gaeilge |
| K | PPT | An Clár as Gaeilge |
| L | 3ú Leibhéal | Ollscoil Uladh |
| M | Eagraíocht Gaeilge Eile | Aontas na Scríbhneoirí Gaeilge |
| N | PPT | Coiste Forbartha Charn Tóchair |
| O | 3ú Leibhéal | Aontas na Mac Léinn, Coláiste na Tríonóide |
| P | Ceanneagraíocht | Gael Linn |
| Q | Eagraíocht Gaeilge Eile | Turas |
| R | PPT | Líonra Leitir Ceanainn |
| S | Páirtí Polaitiúil | Alliance Party/Páirtí na Comhghuallaíochta |
| T | Duine Aonair | P. Kirby |
| U | Ceanneagraíocht | Glór na nGael |
| V | Duine Aonair | An Dr L. Andrews |

## Aguisín II: Cruinnithe Poiblí

Reáchtáil Foras na Gaeilge sraith cruinnithe poiblí le linn mhí Dheireadh Fómhair agus mhí na Samhna 2024 chun deis eile a thabhairt don phobal moltaí a dhéanamh i leith an TS. Seo a leanas sonraí na gcruinnithe sin:

| Dáta | Am | Ionad | Teanga |
|---|---|---|---|
| 22/10/2024 | 7in | Béal Feirste (Raidió Fáilte) | Dátheangach (Ateangaireacht GA>EN ar fáil) |
| 31/10/2024 | 4in | Cill Airne (Oireachtas na Samhna) | Gaeilge |
| 19/11/2024 | 4in | Ar líne (Teams) | Dátheangach (Ateangaireacht GA>EN ar fáil) |
| 19/11/2024 | 7in | Ar líne (Teams) | Dátheangach (Ateangaireacht GA>EN ar fáil) |

Chomh maith le cruinnithe poiblí, reáchtáladh cruinniú príobháideach faoin *Treo Straitéiseach* leis an gCeanneagraíocht Conradh na Gaeilge i mBaile Átha Cliath ar 20/11/2024.